**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚIR A1 agus A2**

*Sna pictiúir A1 agus A2 taispeántar ábhair ar taispeáint in Ard-Mhúsaem na hÉireann.*

(i) Cuir tic (√) sa bhosca ceart thíos. Rinneadh na hábhair seo:

*le linn na hAoise Neoilití in Éirinn* ☐

*le linn na Luath-Chríostaíochta in Éirinn* ☐

*le linn na Meánaoise in Éirinn* ☐ (1)

(ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann go ndearna ceardaithe a bhí an-oilte na hábhair seo.

……………………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Luaigh aidhm **amháin** eile atá ag músaem seachas ábhair a chur ar taispeáint?

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*Léarscáil is ea pictiúr B a thaispeánann foirgnimh thábhachtacha a bhí i seilbh na réabhlóidithe le linn Éirí Amach na Cásca 1916.*

(i) Cén foirgneamh ar bhain na réabhlóidithe úsáid as mar cheanncheathrú le linn an Éirí Amach?

……………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cén foirgneamh, siombail thábhachtach de riail na Breataine a thaispeántar ar an léarscáil, nár thóg na réabhlóidithe?

……………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ón staidéar a rinne tú ar Éirí Amach na Cásca 1916, tabhair **dhá** chúis gur teip mhíleata a bhí ann.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Is póstaer toghchánaíochta é pictiúr C ó fheachtas olltoghcháin 1954.*

(i) Cá mhéad bliain a bhí Fianna Fáil i gcumhacht roimh olltoghchán na bliana 1954?

……………………………………………………………………………..…………………. (1)

(ii) Tabhair fáth **amháin** ar cheart do dhaoine vótáil don Rialtas Idirpháirtíoch agus tú ag úsáid fianaise ón bpóstaer.

………………..…………………………………………………………..…………………………

……………………………………………………………………..…………………………

……………………………………………………………………..………………….... (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** pháirtí polaitíochta a bhí páirteach sna Rialtais Idirpháirtíocha 1948-51 agus 1954-57.

…………………………………………………………………………………..……………………

…………………………………………………………………..………………............... (2)



**[Thall**

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Léigh an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Sliocht as cuntas finné súl Antonio Pigafetta, dialannaí ar thuras fionnachtana Magellan sa séú haois déag.*

(i) Conas a rinne na dúchasaigh a gcuid sleánna níos dainséaraí fós?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………..…………….. (1)

(ii) Dar leis an doiciméad, cén fáth ar chuir an captaen fir chun tithe na ndúchasach a dhó?

……………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………..……………….

……………………………………………………………………………………….………………. (2)

(iii) An bhfuil meas ag an scríbhneoir ar an gcaptaen? Tabhair píosa **amháin** fianaise chun tacú le do fhreagra.

……………………………………………………………………………..………………………

……………………………………………………………………………..………………………

………………………………………………………………………………….………………….. (2)

(iv) Tabhair buntáiste amháin **agus** míbhuntáiste amháin atá le cuntais ó fhinnéithe súl do staraithe.

Buntáiste: …………………………………………………………………..…………….....................

…………………………………………………………………………..…………………………

Míbhuntáiste: ……………………………………………………..……………………………….

……………………………………………………………………………..………………… (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as cuntas Albert Speer ar chuairt Hitler ar Pháras tar éis thitim na Fraince i 1940.*

(i) Ainmnigh **dhá** áit ar thug Hitler cuairt orthu le linn a thurais ar Pháras.

…………………………………………………………………..……………………………

…………………………………………………………………………………………………. .(2)

(ii) Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón doiciméad a thugann le tuiscint nach raibh fáilte roimh Hitler mar chuairteoir ar Pháras.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén fhianaise atá ann go raibh Hitler an-sásta ar fad lena chuairt ar Pháras?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar an Dara Cogadh Domhanda, cad ba chiall le Vichy France?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

**[Thall**

## 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cén fáth ar tugadh an Chlochaois ar an tréimhse is faide siar sa stair?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Luaigh **dhá** bhealach ina ndearna daoine dul chun cinn sa tréimhse Neoiliteach (An Nua-Chlochaois).

……………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) In aimsir na gCeilteach cérbh iad an Aos Dána?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Ainmnigh **dhá** fhéile thábhachtacha Cheilteacha.

……………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Luaigh **dhá** fheidhm thábhachtacha a bhí ag an gcloigtheach sa mhainistir Luath-Chríostaí.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Cad ba chiall le tearmann le linn na meánaoise?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(vii) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Athbheochan san Iodáil.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(viii) Tabhair **dhá** chúis a raibh rialtóirí toilteanach urraíocht a dhéanamh ar thurais farraige le linn Ré na Taiscéalaíochta.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Ainmnigh agus mínigh gléas loingseoireachta **amháin** a úsáideadh le linn Ré na Taiscéalaíochta.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(x) Ainmnigh an tsibhialtacht a chloígh an conquistador Spáinneach, Francisco Pizarro.

……………………………………………………………………………………………… (2)

(xi) Cad is ciall leis an téarma imfhálú sa Bhreatain le linn na Réabhlóide Talmhaíochta?

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xii) Ainmnigh **dhá** aireagán thábhachtacha le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xiii) Tabhair **dhá** iarmhairt a bhí ag an nGorta Mór d'Éirinn.

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xiv) Luaigh **dhá** chúis ar chuir Aontachtaithe in aghaidh Rialtas Dúchais d'Éirinn.

………………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………..……… (2)

(xv) Ainmnigh an páirtí polaitíochta a bhunaigh Éamon de Valera i 1926.

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xvi) Cén gníomh a rinne de Valera i gcoinne Lucht na Léinte Gorma i mí Lúnasa 1933?

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xvii) Tabhair cúis **amháin** a ndeachaigh Éireannaigh chun troda i.gCogadh Cathartha na Spáinne.

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..…………... (2)

(xviii) Cén fáth ar bunaíodh Conradh na Náisiún i 1919?

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xix) Luaigh **dhá** ghníomh a rinne Hitler chun go mbeadh sé ina dheachtóir ar an nGearmáin.

……………………………………………………………………………………..………………..

……………………………………………………………………………………..………….. (2)

(xx) Le linn an Dara Cogadh Domhanda, cad ba chiall leis an Blitz?

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6 I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Seandálaí i mbun oibre. (20)

(ii) Péintéir de chuid na hAthbheochana, **a ainmníonn tú**, **TAOBH AMUIGH** den Iodáil. (20)

(iii) Coilíneach a fuair talamh i bplandáil, **a ainmníonn tú**, in Éirinn le linn an 16ú nó 17ú haois. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Ceannaire, **a ainmníonn tú**, a bhí páirteach i réabhlóid (Meiriceá *nó* an Fhrainc *nó* Éire) le linn na tréimhse, 1771-1815. (20)

(ii) Úinéir monarchan/mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain c. 1850. (20)

(iii) Ceannaire polaitiúil, **a ainmníonn tú**, i bPoblacht na hÉireann le linn na tréimhse, 1960-1985. (20)

## 5. AN REIFIRMÉISEAN (30 marc)

### FOINSE D

*Sliocht leasaithe as litir Martin Luther chuig Ardeaspag Mainz, 1517*

Tá loghanna an Phápa do thógáil Bhaisleac Naomh Peadar á dtabhairt amach faoi d'ainm ró-oirní. Ní chuirim an milleán ar na seanmóirithe féin ach cuireann sé buairt orm go bhfuil tuairimí atá go hiomlán bréagach á bhfáil ag na daoine uathu – creideann na créatúir bhochta má tá litreacha loghanna ceannaithe acu go slánófar go dearfa iad; creideann siad, chomh luath agus a chuireann siad a gcuid tabhartas isteach sa bhosca airgid, go n-eitlíonn anamacha as purgadóir agus nach bhfuil peaca dá dhonacht nach féidir é a mhaitheamh.

### FOINSE E



### FOINSE F

*Sliocht leasaithe as* Exsurge Domine*, Bulla an Phápa Leo X a eisíodh 15 Meitheamh, 1520.*

Faraor, tá mórán earráidí atá eiriciúil, bréagach, scannalach agus déistineach dóibh siúd atá naofa feicthe agus léite againn lenár súile féin. Mar sin de, rinneamar an scéal a fhiosrú go cúramach agus tá sé faighte amach againn *nach bhfuil na hearráidí nó na téiseanna seo Caitliceach* ach go bhfuil siad ag dul in aghaidh theagasc agus thraidisiún na hEaglaise Caitlicí. Maidir le Martin féin, A Thiarna Dia, céard atá dearmadta nó fágtha gan déanamh againn? Cén grá athartha atá fágtha ar lár againn le go bhféadfaimis é a ghlaoch ar ais ó earráidí den chineál sin? De bhrí go rabhamar ag iarraidh a bheith níos cineálta leis, d'iarramar trí chruinnithe éagsúla lenár n-ionadaí agus trínár litreacha pearsanta na hearráidí seo a chur ar leataobh. Thairgeamar coimirce aistir agus airgead don turas dó fiú, chun teacht gan aon fhaitíos agus labhairt go díreach agus go hoscailte. Ach, i gcónaí, dhiúltaigh sé éisteacht. Dá bhrí sin:

*Iarraimid go dúthrachtach air féin agus ar a lucht leanúna staonadh laistigh de sheasca lá, ag comhaireamh ó fhoilsiú an bhulla seo, ó theagasc, ó fhoilsiú leabhar agus paimfléad maidir le cuid dá n-earráidí nó leo go léir. Freisin, ní mór gach scríbhinn ina bhfuil a chuid earráidí go léir nó cuid acu a dhó. Freisin, caithfidh an Martin seo earráidí agus tuairimí dá leithéid a shéanadh go deo. Nó ba chóir dó, faoi choimirce aistir, a shéanadh a chur in iúl dúinn go pearsanta trí theacht chun na Róimhe. B'fhearr linn an bealach deireanach seo, sa chaoi nach mbeidh aon amhras ach go bhfuil sé umhal i ndáiríre. Má bhíonn an Martin seo agus a lucht tacaíochta chomh ceanndána, áfach, agus nach ngéillfidh siad, beidh an-díomá orainn agus daorfaimid an Martin seo agus a lucht leanúna mar eiricigh cheanndána phoiblí.*

*Foinse: www.fordham.edu*

**A. Foinsí D agus E**

(i) Dar le **Foinse D,** cén fáth a raibh loghanna an Phápa á dtabhairt amach? (2)

(ii) Cad atá ag Luther i gcoinne logha an Phápa? (2)

(iii) Cén gníomh a deirtear a rinne Luther níos déanaí atá léirithe in **Foinse E?** (2)

**B. Foinse F**

(i) Cén toradh a bhí ar fhiosrúchán an Phápa? (2)

(ii) Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann go raibh an Pápa ag iarraidh a bheith cineálta le Luther. (2)

(iii) Luaigh **dhá** ghníomhaíocht nach mór do Luther agus dá lucht leanúna a stopadh laistigh de 60 lá. (4)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar an Reifirméisean, tabhair **dhá** dhifríocht idir na creidimh a bhí ag leasaitheoir **a ainmníonn tú** agus na creidimh a bhí ag an Eaglais Chaitliceach. (4)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na heilimintí seo a leanas den Fhrith-Reifirméisean Caitliceach:

(a) Comhairle Thrionta.

(b) Cúirt an Ionchoisne.

(c) Na hÍosánaigh. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) AN MHEÁNAOIS, 1100-1500

(i) Cén ról a bhí ag an ab sa mhainistir mheánaoiseach? (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an ridire le linn na Meánaoise:
*Péitse; Searmanas Ridireachta; Ridireacht; Giústáil.* (2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis a raibh an-tóir ar an aonach bliantúil le linn na Meánaoise. (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Na dualgais a bhí ar bhantiarna an chaisleáin.
(b) Oiliúint an cheardaí mheánaoisigh.
(c) Saol an tseirfigh ar mhainéar sa mheánaois. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Tabhair **trí** cinn d'athruithe móra a tharla i gcaitheamh aimsire sa 20ú haois. (2 x 3)

(ii) Sainaithin **trí** cinn d'athruithe móra i dtithíocht ó 1945. (2 x 3)

(iii) Tabhair **trí** cinn d'athruithe móra in iompar bóthair agus mótair ó 1945. (2 x 3)

(iv) Cad iad na príomhathruithe i saol na hoibre ó 1945? (12)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) I do fhreagarleabhar, líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1)-(6). Ba chóir duit an uimhir chruinn a chur ar na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh.
**Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.**

(1) Cuireadh tús le Cogadh na Saoirse nuair a d'ionsaigh an IRA patról de chuid an RIC ag ………………………………Co. Thiobraid Árann.

(2) Cuireadh eagar ar an IRA ina n-aonaid áitiúla, ar tugadh ……........Reatha orthu.

(3) D'úsáid an IRA …………………….….. nó taictící luíocháin in aghaidh Fhórsaí na Breataine.

(4) D'earcaigh Rialtas na Breataine iarshaighdiúirí ar tugadh na …………….……..….. orthu chun tacú leis an RIC.

(5) Bhunaigh an Stiúrthóir Faisnéise, Micheál Ó Coileáin ……………………….. de 12 fheallmharfóir chun spiaraí Briotanacha a mharú.

(6) Ritheadh an tAcht um Rialtas na ………………..………..i 1920 ach lean an troid ar aghaidh go dtí an sos cogaidh i 1921. (1 x 6)

(ii) *Thionóil Sinn Féin an chéad chruinniú de Dháil Éireann i dteach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath, ar an 21 Eanáir 1919.*
Luaigh **dhá** chinneadh a ghlac an Chéad Dáil. (2 x 2)

(iii) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An Conradh Angla-Éireannach, 1921.
(b) An saol in Éirinn le linn na hÉigeandála.
(c) Gluaiseacht Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí a bhaineann le riail Mussolini san Iodáil, 1922-1943:

*Dlí Acerbo ; Na Léinte Dubha; Conradh na Lataráine ; Ais na Róimhe agus Bheirlín.*

(2 x 2)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Bolscaireacht na Naitsithe.

(b) Geilleagar na Naitsithe.

(c) Na Naitsithe agus na Giúdaigh. (10)

(iii) Roghnaigh topaic **amháin** as 1, 2 nó 3 thíos:

***Topaic 1: Teacht i dtreis na nOllchumhachtaí***

(a) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*Srianadh; Plean Marshall; Fostáit; Cuirtín Iarainn.* (2 x 2)

(b) Scríobh cuntas ar ghéarchéim mhór amháin, **a ainmníonn tú**, sa Chogadh Fuar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Aontas na Sóivéide le linn na tréimhse 1945-1963.

(12)

***Topaic 2: Céimeanna i dtreo Aontacht na hEorpa***

(a) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*Aontas Benelux; CEGC (ECSC i mBéarla);*
*CBT (CAP i mBéarla); Conradh na Róimhe, 1957* (2 x 2)

(b) Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh ó 1957. (12)

***Topaic 3: Náisiúnachas na hAfraice agus na hÁise***

(a) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*Impireacht; Impiriúlachas; Náisiúnachas; Díchoilíniú.* (2 x 2)

(b) Scríobh cuntas ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht ar son an neamhspleáchais i Stát san Afraic **nó** san Áise**, a ainmníonn tú**, ó 1945. (12)